DUBLIN THROUGH THE AGES


Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## Bunús

De réir an tseanchais áitiúil, baineann bunús Dhomhnach Cearna [séipéal Chearnach] le séipéal a bhunaigh Naomh Pádraig agus ae ainmníodh as a dheisceabal Naomh Cearnach. Níl aon lorg den séipéal luath seo ar marthain. Is ionann na cuntais i scríbhinn is luaithe ar Dhomhnach Cearna agus na deimhniúcháin sna 1170idí agus sna 1180idí gur mar chuid de mhaoin mhainistir Agaistíneach na Naomh Uile é, cóngarach do Bhaile Átha Cliath, a bhronn Diarmait Mac Murchada, Rí Laighean, roimh theacht na nAngla-Normannach. Bhí bunáite na talún clúdaithe le barraí in 1539, tráth ar díscaoileadh na mainistreacha agus ar tugadh an talamh féin Chorparáid Bhaile Átha Cliath.

## An Abhainn Cheilte

Luaitear abhainn Schikeloth (ar a tugadh an tSaileog idir sin agus tráthas, agus ar a dtugtar abhainn Dhomhnach Cearna freisin) i ndoiciméad a bhaineann leis an mbliain 1220, mar a ndéantar tagairt don mhóinéar in aice leis an abhainn a bhí faoi uisce tráthanna a mbíodh tuile ann. Bhí tráth ann ar ghné shuntasach de chuid an tírdhreacha ba ea an abhainn, ar comhartha í ar theorainn na cathrach, agus thugtaí ainmneacha go leor ar an abhainn feadh a cúrsa ghearr óna foinse in aice le Crann Phapáin i mBaile Munna. Tríd is tríd, ba léiriú iad na hainmneacha sin ar ainm na mbailte fearainn ar rith an abhainn tríothu, lena n-áirítear an Bad agus Sruthán an Chuilinn. Cé go ritheann sí go hiomlán faoi thalamh anois, nach mór, is féidir ainmcharraig Dhroichead Dhomhnach Cearna, a bhí ann chomh fada siar le 1896 (a tháinig in ionad Dhroichead Scruloge), a fheiceáil ag an mbealach isteach ó Bhóthar Mhullach Íde chuig Lána Mucky, agus ritheann cuid bheag uisce oscailte trí Chumann Gailf Chluain Tarbh.




*Sliocht ón léarscáil suirbhéara Cathrach 1704 ina léirítear seanteach Dhomhnach Cearna agus an teach tábhairne, Black Lyon, ar Bhóthar Mhullach Íde.*

## Foirgnimh agus Úinéirí Talún Suntasacha

Sna 1650idí, taifeadadh teach nua brící a raibh ceann slinne air i nDomhnach Cearna sa Suirbhé Sibhialta, chomh maith le roinnt tithe agus bothán eile, cé go raibh an daonra fós beag an tráth sin. Shaothraítí an talamh le haghaidh feirmeoireacht churaíochta agus féaraigh. Rinne an tArd-Aighne, William Basil cónaí i dTeach Dhomhnach Cearna, arb é an áit chónaithe ba mhó é. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil Teach Dhomhnach Cearna an lae inniu (teach a tógadh in 1781), arb é clubtheach Chumann Gailf Chluain Tarbh sa lá atá inniu ann, ar an taobh céanna de Bhóthar Mhullach Íde is a bhí an teach a raibh an t-ainm céanna air tráth den saol, ach ar an taobh eile.

Mar a léirítear is léarscáileanna stairiúla, is leis an gceantar a shíneann ón bhfarraige ag Fionnradharc na linne seo chomh fada le Droichead Scurlogue agus ó Dhroim Conrach chomh fada le Cluain Tarbh a bhaineadh an logainm Domhnach Cearna. Tháinig athrú air sin tar éis do Thomas Adderley Teach Marino a thógáil sna 1750idí agus bronnadh é ar a leasmhac, James Caulfeild, a bhí ina chéad Iarla Charlemont ní ba dhéanaí. De réir mar a mhéadaíodh ar chlú Dhiméin Marino, agus ar a thalamh thírdhreachtaithe fhairsing, loch shaorga, garraí daingean agus an 'Casino' taibhseach, ainmníodh an ceantar mórthimpeall uirthi aisti chomh maith céanna. Níor tháinig slán ach cúpla ceann de na háiteanna móra cónaithe eile sa cheantar, cé go bhfuil gur coinníodh cuid d'ainm na n-áiteanna, Cnocán an Leamháin agus Gleanntán na Sceiche in measc, agus iad ar eastáit tithíochta nua-aimseartha inniu.




*Sliocht ó léarscáil Down Survey Chontae Bhaile Átha Cliath, c. 1656, ina léirítear an logainm Domhnach Cearna (léarscáil Down Survey Chontae Bhaile Átha Cliath)*

## Dán grá James Joyce

In Chamber Music, bailiúchán de dhánta gearra grá le James Joyce agus a foilsíodh in 1907, tá tagairt do Dhomhnach Cearna, a bhí ina bhaile tuaithe an tráth sin:

> **O, it was out by Donnycarney**
> **When the bat flew from tree to tree**
> **My love and I did walk together;**
> **And sweet were the words she said to me.**
>
> **Along with us the summer wind**
> **Went murmuring - O, happily! -**
> **But softer than the breath of summer**
> **Was the kiss she gave to me.**

**From Village to Suburb**

I dtús an fichiú haois, sráidbhaile beag ba ea an cur síos ar Dhomhnach Cearna. Tógadh líon beag teachín trí sheomra, déanta as bríce dhearg, ar Bhóthar Mullach Íde agus ar Lána Puckstown (ar a dtugtar Ascaill Uí Choileáin anois) do lucht saothair talmhaíochta sna 1890idí. Ba í an talmhaíocht, lena n-áirítear gairdín margaidh chun an chathair in aice láimhe a sholáthar, bunchloch an gheilleagair í. Tháing athrú air sin ó na 1920idí i leith nuair a thosaigh idir fhorbróirí príobháideacha agus an t-údarás áitiúil, Corparáid Bhaile Átha Cliath, ar thithe bruachbhailte a thógáil sa cheantar. Ar na suíomhanna a bhí thíos leis sin bhí Páirc Victoria, arb í suíomh Bóthar Chluain Maoil anois í, agus feirm éanlaith chlóis rathúil a bhí i bPáirc Victoria ag dtús na 1930idí. Ó chasadh an chéid, bhí cuid de thalamh na Páirce á húsáid le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt, tugadh Páirc Parnell uirthi in 1912.

Thóg Corparáid Bhaile Átha Cliath scéim 421-teach Dhomhnach Cearna Thiar ar a chuid talún féin (i.e. Eastát na Cathrach) idir 1929 agus 1931. Chuir an scéim ceannach tionónta ar chumas cónaitheoirí - gach teaghlach ag a raibh ceathrar páistí ar a laghad - a dteach cheannach le himeacht ama, ar chostas iomlán idir £300 agus £380 (i.e. cíos seachtainiúil idir 12s 10d agus 16s 8d). Bhí déiríocht agus innilt eallaigh fós ar siúl in aice láimhe nuair a bhí scéim eile, a bhí ní ba mhó, á pleanáil. Ba é a bhí i gceist le Domhnach Cearna 'Nua' teaghlaigh a thabhairt amach as na tionóntán bhrocacha i lár na cathrach. An 890 teach dhá sheomra codlata a críochnaíodh in 1947 agus in 1948, ligeadh ar cíos le tionóntaí ar 10 scilling in aghaidh na seachtaine iad. Mar chuid den tionscadal, forbraíodh Ascaill Uí Choileáin Thoir, rud a nasc Bóithre Mhullach Íde agus Bhinn Éadair le chéile.

Bhí gá práinneach le háiseanna nua don daonra a bhí ag fás san áit sin. I Márta 1948, beannaíodh séipéal stáin sealadach, agus i Meán Fómhair 1950 cláraíodh na chéad daltaí in dhá scoil náisiúnta nua ar Ascaill Uí Choileáin Thoir. Coimisiúnaíodh séipéal Caitliceach buan, ar dhear T.P. Kennedy é, in 1954, ach níor críochnaíodh go dtí 1969 é. Tá an séipéal 'Gotach Nua-Aimseartha' Mhuire an tSóláis, a tógadh chun freastal ar 1,800 adhraitheoir, ar cheann de na sainchomharthaí is cáiliúla i nDomhnach Cearna, chomh maith le Páirc Parnell, baile CLG Bhaile Átha Cliath.

**An Dr Ruth McManus, Nollaig 2025**



*Tá seans ann gurb in an íomhá is léirsteanaí maidir le forbairt Dhomhnach Cearna san fhichiú haois. Úsáidtear é i leabhar Chill Easra, lch. 109. | Íomhá © Sasana Stairiúil | Foinse: www.britainfromabove.org.uk/image/XAW044960*